CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 12 Meán Fómhair 2022

Vacsaíní COVID-19 a sholáthar san Aontas: tá ceachtanna le foghlaim, dar le hiniúchóirí AE

D'éirigh le córas lárnaithe saincheaptha an Aontais chun vacsaíní a sholáthar punann tosaigh d'iarrthóirí vacsaíní a chruthú a bhí éagsúlaithe agus tá líon leordhóthanach dáileoga de vacsaíní COVID-19 á soláthar aige. Chuir an tAontas tús le soláthar níos déanaí ná an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe, áfach, agus nuair a bhí easnaimh soláthair an-mhóra roimh an Aontas sa chéad leath de 2021, ba léir nach raibh forálacha sonracha chun aghaidh a thabhairt ar chuir isteach soláthair i bhformhór na gconarthaí a shínigh an Coimisiún Eorpach. Is é conclúid Thuarascáil speisialta a d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) inniu ná nach ndearnadh measúnú leormhaith ar fheidhmíocht an phróisis soláthair. Tugann na hiniúchóirí ar aire freisin nach bhfuil grinnscrúdú ná tagarmharcáil déanta ag an gCoimisiún go fóill ar an bpróiseas sin chun ceachtanna a fhoghlaim amach anseo, agus nach bhfuil plean aige faoi láthair chun a chóras soláthair paindéime a thástáil trí thástálacha struis ná ionsamhluithe.

"*Is ceist an-ábhartha é an bhfuil vacsaíní COVID-19 soláthartha go héifeachtach ag an gCoimisiún agus na Ballstáit*", arsa Joëlle Elvinger, an Comhalta CIE a bhí i gceannas ar an iniúchadh. "*Roghnaíomar an topaic seo i bhfianaise an róil lárnaigh a bhí ag vacsaíní mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, rannpháirtíocht an Aontais i soláthar vacsaíní nach bhfacthas roimhe seo agus an caiteachas a bhain leis. Is é is aidhm dár bhfionnachtana ná rannchuidiú leis an bhforbairt leanúnach ar ullmhacht an Aontais le haghaidh paindéime agus a chumais freagartha.*"

Nuair a thosaigh próiseas soláthair vacsaíní an Aontais i lár 2020, níorbh fhios an sroichfeadh vacsaín in aghaidh COVID-19 an margadh, ná cathain a tharlódh sé. Bhí ar an tAontas gníomhú sula raibh sonraí soiléire eolaíocha ann maidir le sábháilteacht agus éifeachtúlacht vacsaíní is iarrthóirí, agus mar sin chinn sé tacú le réimse iarrthóirí chun punann tosaigh de theicneolaíochtaí agus monaróirí vacsaíne éagsúla a chruthú. Faoi mhí na Samhna 2021, bhí conarthaí de luach €71 billiún sínithe ag an gCoimisiún thar ceann na mBallstát chun 4.6 billiún dáileog de vacsaíní in aghaidh COVID-19 a cheannach. Comhaontuithe réamhcheannaigh iad formhór na gconarthaí ina gcomhroinneann an Coimisiún riosca forbartha vacsaíne leis na monaróirí vacsaíní agus ina dtacaíonn sé leis an ullmhúchán de chumas táirgeachta ar an scála, trí íocaíochtaí tosaigh ó bhuiséad an Aontais.

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na Tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

Lean na caibidlíochtaí próiseas soláthair atá leagtha síos i Rialachán Airgeadais an Aontais, agus bhí na réamhchaibidlíochtaí a tharla sular seoladh amach cuireadh chun tairisceana ag croílár an phróisis. Bhí a dhóthain dáileoga deimhnithe ag an Aontas chun ar a laghad 70 % den daonra fásta a vacsaíniú faoi dheireadh shamhradh 2021 tar éis go raibh easnaimh soláthair dhúshlánach rompu ó dhá mhonaróir sa chéad leath de 2021. D'fhéadfadh sé go dtabharfaidh an Coimisiún monaróirí chun cúirte, agus rinneadh amhlaidh i gcás amháin. Dar leis na hiniúchóirí, áfach, ní raibh anailís iomlán déanta ag idirbheartaithe an Aontais ar na dúshláin maidir le táirgeadh agus slabhra soláthair a bhain le vacsaín a tháirgeadh go dtí tar éis dóibh formhór na gconarthaí a shíniú. Tháinig forbairt ar théarmaí na gconarthaí le himeacht ama agus tá forálacha níos láidre sna cinn a síníodh in 2021 ná na cinn a síníodh in 2020 maidir le príomh-shaincheisteanna amhail seachadadh agus suíomh táirgthe. Tá na téarmaí a caibidlíodh éagsúil do gach conradh, seachas go gcloítear le prionsabail na dTreorach maidir le Dliteanas i leith Táirgí. Chomhaontaigh na Ballstáit rioscaí monaróirí a bhaineann le dliteanas le haghaidh éifeachtaí díobhálacha a laghdú (prionsabal na comhroinnte rioscaí sa straitéis vacsaíne). Tá na forálacha sna conarthaí a rinneadh le monaróirí vacsaíní in aghaidh COVID-19 éagsúil ó chleachtais réamh-phaindéime, ós rud é go bhfuil na Ballstáit tar éis glacadh le cuid de na rioscaí airgeadais a bhíonn ag na monaróirí vacsaíne de ghnáth.

Mhol an Coimisiún go leanfaí ar aghaidh leis an gcur chuige soláthair a bhunú do COVID-19 agus géarchéimeanna sláinte amach anseo, ach níor scrúdaíodh feidhmíocht an phróisis soláthair vacsaíní sna tuarascálacha "ceachtanna foghlamtha" ón gCoimisiún ná ón gComhairle maidir le paindéim COVID-19, de bhreis ar an toradh foriomlán. Molann na hiniúchóirí treoirlínte soláthair phaindéime a chruthú ar bhonn na gceachtanna atá foghlamtha, agus tástáil struis a dhéanamh ar chur chuige soláthair an Aontais maidir le frithbhearta leighis chun acmhainní níos fearr a bheith aige más gá amach anseo.

Faisnéis chúlra

Maoiníodh an soláthar vacsaíní go páirteach leis an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála (ESI) – ionstraim airgeadais faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin a chuireann ar a chumas tacaíocht a chur ar fáil laistigh den Aontas i gcás tubaiste – agus go príomha le ranníocaíochtaí díreacha ó bhuiséid na mBallstát.

Tá Tuarascáil speisialta 19/2022, "*Vacsaíní COVID-19 a sholáthar san Aontas:* Líon leordhóthanach dáileoga faighte tar éis dúshláin tosaigh, ach níl meastóireacht leormhaith déanta ar fheidhmíocht an phróisis", ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte. Is leathnú é an t-iniúchadh seo ar athbhreithniú 2021 ón gCúirt maidir le rannchuidiú tosaigh an Aontais i leith freagairt sláinte poiblí COVID-19.

Teagmháil phreasa

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 553 547
- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 621 552 224